

Scéal, Scéal, Scéal...

Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharráige

Instagram: @pleanteangachoisfharráige
Twitter: @PleanTeangaCF
Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharráige

23 IÚIL 2020



DÁTA DON DIALANN

Ní fada anois go n-osclofar Páirc Spraoi an Spidéil, faoi dheireadh is faoi dheoidh! 'Sé an Aoine 7ú Lúnasa @ 11r.n. an lá mór. Ní bheidh aon oscailt oifigiúil ann de bharr na srianta sóisialta atá i bhfeidhm faoi láthair, ach eagrófar ceiliúradh go luath. Tá an pháirc lonnaithe le taobh na páirce ar champas Choláiste Chonnacht. Do pháistí bunscoile an pháirc agus tá áiseanna ann do pháistí a bhfuil riachtanais ar leith acu freisin. €139,000 an costas iomlán a bhí ar an bpáirc agus an-mholadh ag dul don Choiste deonach a thug faoin togra i gcomhar le Comhlacht Forbartha an Spidéil. Rinneadh an-obair ar fad i mbailiúcháin an airgid agus i gcur chuige an togra, ar an iomlán. Guímis gach rath ar an gcoiste don Aoine, 7ú Lúnasa!



LÉIRITHEOIRÍ NUA: CÚLA4 AR SCOIL

Tá Meangadh Fíbin sa tóir ar léiritheoir do shraith nua Cúla4 ar Scoil. Ní mór taithí cúig bliana ag léiriú clár teilifíse a bheidh ag an té a éiríonn leis/léi, chomh maith le scileanna láidre pleanála agus eagraíochta. Caithfear beith ábalta oibriú trí Ghaeilge, gan amhras. Is féidir iarratas a dhéanamh ach teachtaireacht ríomhphoist a sheoladh chuig: bernie@fibinmedia.ie 'Sé an 28ú Iúil an spriocdháta le hiarratas a dhéanamh.



CEISTNEOIR LE LÍONADH

Tá ceistneoir á scaipeadh ag **Club Foghlaimeoirí Gaeilge Chois Fharráige** faoi láthair le comhairle a fháil ón bpobal faoin mbealach is fearr filleadh ar a gcuid imeachtaí anois ó tá maolú ar na srianta sóisialta. Cuireann an Club tacaíochtaí ar fáil do dhaoine ar mian leo tógáil ar a bhfuil de Ghaeilge acu agus eagraítear ranganna agus imeachtaí sóisialta le deis a thabhairt do chainteoirí Gaeilge idir chainteoirí líofa agus foghlaimeoirí casadh le chéile agus cuidiú lena chéile. Freastalaíonn an Club ar fhoghlaimeoirí de chuile leibhéal agus ba bhreá leo tuilleadh daoine a mhealladh chuig an gclub. Is féidir teacht ar an gceistneoir ar leathanach FB an Chlub nó scríobh chuig ann.burnell@gmail.com. Tá breis eolais le fáil ar FB ag Club Foghlaimeoirí Gaeilge Chois Fharráige nó déan teagmháil le Katie 083 010 6294. An Chéadaoin 29 Iúil an spriocdháta don cheistneoir: scaipigí an scéala!

AN CUIMHIN LEAT BUNTÚS CAINTE?

Tá RTÉ Archives ag tacú le feachtas **Le Chéile Fhoras na Gaeilge** tré shúil siar a chaitheamh ar an tsraith teilifíse clúiteach **Buntús Cainte**. Tá comórtas á réachtáil ag Foras na Gaeilge ina leith freisin! An cheist atá á chur os comhair an phobail ná an aithnítear duine ar bith de láithreoirí Bhuntús Cainte, ó na sean ghrianghraif atá foilsithe acu ar a leathanach Facebook! Ní mór tuairimí a thabhairt i bhfoirm 'tagairt', faoin bpictiúr le deis a fháil an tsraith leabhar Bhuntús Cainte a bhuaichint!

SCÁILEÁN MÓR NA TULAÍ

Tá **Fíbin** agus **An Taibhdhearc** tagtha le chéile agus an chéad dráma 'drive-in' i nGaeilge, á thabhairt acu go Conamara. 'Sé **Fiach** an dráma de chuid Philip Doherty a bheas á léiriú ag an ócáid, i gcarrchlós Fíbin, ar an Tulach. Feicfear Fionnuala Flaherty agus Dara Devaney sna príomhrólanna sa scéal faoi gharra reibiliúnach a théann sa tóir ar mhaistín áitiúil. Beartaíodh imeacht den chineál seo a réachtáil le dul i ngleic le tionchair na paindéime ar na healaíona traidisiúnta agus deirtear go n-éiríonn leis an taispeántas seo meascán iontach de dhraíocht na scannánaíochta agus dlúthchaidreamh an dráma raidió a bhaint amach. Beidh an dráma á thaispeáint ó 12ú-22ú Lúnasa agus tá costas €25 in aghaidh an chairr air. Is féidir eolas maidir le ticéidí a fháil ag: www.fibin.com



SAOIRE UAIT?

Níl ach lá amháin fágtha le cur isteach ar an gcomórtas iontach atá á réachtáil ag Comhar Creidmheasa Cholm Cille! Ní gá ach 'like' a thabhairt do phostáil an Chomhair Creidmheasa ar a gcuntas Facebook, an phostáil a roinnt agus tagairt a dhéanamh ar chara faoin bpostáil le deis a fháil dearbhán do Óstán Skelligs, Ciarraí, ar luach €500 a bhuaichint! Seo bhur seans, a chairde!

CÚRSA OILIÚNA SNA MEÁIN

Tá cúrsa Oiliúna sna Meáin á reáchtáil ag GRETB, i gcomhar le *Screen Skills Ireland* agus *SOLAS Learning Works*. Cuirfear tús leis an gcúrsa i mí Meán Fómhair, sa Spidéal. Clúdófar raon leathan ábhar ar an gcúrsa, láithriú raidió, scríbhneoireacht scrípte, innealtóireacht fuaimne agus iriseoireacht mhóibíleach san áireamh. Teastas ag Leibhéal 5 QQI a bhainfear amach ag deireadh an chúrsa. Ní gá go mbeadh oideachas foirmiúil ar na hiarratasóirí roimh ré. Is féidir eolas a fháil ach teagmháil a dhéanamh le heather.mackey@gretb.ie

TAITHÍ OIBRE LE TG4

Chuile bhliain cuireann TG4 ceithre nó cúig deis taithí oibre ar fáil do chéimithe nó do dhaoine atá ag tosú amach san earnáil físe agus atá ag iarraidh taithí phraiticiúil a fháil, le cur leis an oiliúint agus leis na scileanna atá acu go dtí seo. Beidh tuarastal ar fáil le linn na bliana agus beidh deiseanna oiliúna breise ar fáil i rith na bliana freisin. Tá TG4 ag glacadh le hiarratais do chlár na bliana 2020/21 anois. Téigh chuig www.tg4.ie/foluntas le haghaidh tuilleadh eolais.



TOGRA TAIGHDE: MÁITHREACHAS & AN ÓIGE

Tá Tuismitheoirí na Gaeltachta sa tóir ar scoláirí nó ar thaighdeoirí a bheadh sásta tabhairt faoi thogra taighde. Is í aidhm an taighde foclóir, leaganacha cainte agus téarmaí a bhaineann le fás agus luathfhorbairt an linbh, iompar clainne agus breith an linbh a bhailiú agus a chur i dtoll a chéile. Beifear ag súil go mbeadh an té a éiríonn leis/léi in ann staidéar a dhéanamh ar na foinsí eolais atá ar fáil faoi láthair, obair taighde nua a dhéanamh agus tuarascáil a chur ar fáil. Cuirfear búiséad de €12,500 ar fáil don togra. Is féidir iarratas a dhéanamh anois, agus glacfar leo suas go dtí an 10ú Lúnasa 2020. Is féidir eolas breise a fháil ag: sorcha@tuismitheoiri.ie



GNÍOMHAÍOCHTAÍ SA MBAILE AR LEIC AN TEALLAIGH...

Má tá eolas agat ar ghníomhaíochtaí nó acmhainní ar mhian leat iad a fhógairt anseo, déan teagmháil le Katie ar 083 010 6294 nó is féidir r-phost a sheoladh chuici: optchoisfharraige@gmail.com

Tá leagan nua Gaeilge den amhrán coitianta 'Blinding Lights' de chuid The Weeknd cumtha ag an mbanna ceoil **Seo Linn!** 'Dallta ag na Soilse' an t-ainm a tugadh ar an amhrán a cumadh le linn na paindéime. Is féidir é a chloisteáil ar chuntas YouTube Seo Linn.



TORTHAÍ AR CHLUICHÍ CLG AN CHEANTAIR

Agus tús bríomhar á chur le cluichí CLG arís, foilseofar torthaí anseo go rialta. Deirtear go mbeidh torthaí ó na cailíní istigh an tseachtain seo chugainn agus iad ag tabhairt aghaidhe ar na páirceanna faoi láthair!

Dé Luain 20 /07 (F16C - Grúpa 1)

| | |
|------------------------|------|
| Rathún/An Caisleán Nua | 2-17 |
| CLG Mícheál Breathnach | 1-05 |

Dé Luain 20 /07 (F16A1 - G1)

| | |
|----------------|------|
| Cois Fharraige | 2-10 |
| Tommy Larkins | 3-07 |

Dé Luain 20 /07 (F14D2 - G1)

| | |
|------------------------|------|
| CLG Mícheál Breathnach | 6-12 |
| An Spidéal | 1-03 |

Domhnach 19/07 (F12 - Sraith 3)

| | |
|------------------------|------|
| B-Trá/Cnoc na Cathrach | 3-04 |
| CLG Mícheál Breathnach | 5-16 |

Domhnach 19/07 (F12 - S 11)

| | |
|--------------------------|------|
| B-Trá/Cnoc na Cathrach D | 2-01 |
| CLG Mícheál Breathnach | 6-13 |

Domhnach 19/07 (F12 - Sraith 6)

| | |
|-------------|------|
| Uachtar Ard | 3-15 |
| An Spidéal | 4-11 |

MARATÓN NA DTEAGHLACH

Tá ag éirí go hiontach le muintir Chois Fharraige atá ag glacadh páirte i Maratón na dTeaghlach agus tá roinnt acu críochnaithe cheana féin! D'éirigh le roinnt daoine fiú amháin grianghraif áille a thógáil agus iad i mbun aclaíochta!

